| | Meitheal Forbartha Cruinniú 10<br>Dé Luain, an 27 Eanáir 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte ón gCathaoirleach, miontuairiscí na gcruinnithe deiridh** | Rinneadh plé ar mhiontuairiscí an chruinnithe deiridh agus glacadh leo. |
| **Athbhreithniú ar Réasúnaíocht, Aidhmeanna, Príomhinniúlachtaí, Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire** | Bailíodh agus rinneadh breithniú cúramach ar aiseolas chun mionleasú agus feabhsú leanúnach na gcodanna seo a threorú. |
| **Iniúchadh a dhéanamh ar an dá Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis sa Staidéar Foirgníochta** | Chuir aiseolas bonn eolais faoi fhorbairt an dá CMBanna, ag díriú ar thuairisceoirí cáilíochta an dá CMB.<br>Aontaíodh ar an ualú measúnaithe seo a leanas:<br>CMB1 - Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha - 30%<br>CMB2 - Measúnú ar léiriú scileanna - 20%. |
| **Téamaí trasghearrtha/ Grafaic don achoimre ar na Snáitheanna** | D'aontaigh baill na meithle go raibh na téamaí trasghearrtha leabaithe ar fud na dtorthaí foghlama cheanna, rud a d'fhág nach raibh aon ghá iad a chuimsiú astu féin i struchtúr Snáitheanna staidéir.<br>Déanfar tuilleadh mionleasaithe ar an ngrafaic don fhorléargas ar na Snáitheanna. |
| **Béim ar dhifreáil i dtorthaí foghlama** | Bhí plé ann ar dhifreáil sna torthaí foghlama. Déanfar tuilleadh iniúchta sa chéad chruinniú eile. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Déanfaidh baill na meithle breithniú ar ainm an ábhair sa chéad chruinniú eile.<br><br>Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile:** an 6 Feabhra 2025 |